2024/2889

19.11.2024

COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS RÍOCHT NA hIORUA LENA LEASAÍTEAR AN COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS RÍOCHT NA hIORUA MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN, COMHRAC NA CALAOISE AGUS AISGHABHÁIL ÉILEAMH I RÉIMSE NA CÁNACH BREISLUACHA

AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

agus

RÍOCHT NA hIORUA, dá ngairtear 'an Iorua' anseo feasta,

dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta,

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil torthaí an-dearfacha léirithe cheana féin sa chreat comhair faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha ([1]) ('an Comhaontú'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Méan Fómhair 2018,

DE BHRÍ GUR tugadh isteach uirlisí nua le haghaidh comhair riaracháin i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh le Rialachán (AE) 904/2010 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle ([2]),

AG AITHINT DÓIBH go mbainfeadh na stáit tairbhe as leathnú na n-uirlisí comhair lena gceadófaí comhar níos éifeachtaí, go háirithe a mhéid a bhaineann le fiosrúcháin riaracháin arna ndéanamh go comhpháirteach agus le gníomhaíochtaí leantacha Eurofisc,

DE BHRÍ, chun faireachán éifeachtach agus éifeachtúil ar cháin bhreisluacha (CBL) a ghearrtar ar idirbhearta trasteorann a áirithiú, go gcabhrófar le forfheidhmiú cuí CBL a áirithiú agus le dúbláil oibre d'údaráis chánach agus an t-ualach riaracháin do ghnólachtaí a sheachaint mar gheall ar an bhféidearthacht fiosrúcháin riaracháin a dhéantar i gcomhpháirt a dhéanamh, lena gcuirfear ar chumas oifigeach ó dhá stát nó níos mó foireann aonair a bhunú agus páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfiosrúchán riaracháin a dhéanfar go comhpháirteach,

DE BHRÍ, chun na calaoisí trasteorann is tromchúisí a chomhrac, gur gá obair oifigigh idirchaidrimh Eurofisc a threisiú chun an fhaisnéis uile is gá a rochtain, a mhalartú, a phróiseáil agus a anailísiú go tapa agus chun aon ghníomhaíochtaí leantacha a chomhordú,

DE BHRÍ gur cheart tagairtí do Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a nuashonrú le tagairtí do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil Rialachán (AE) 2016/679, ar ionchorpraíodh é le hoiriúnuithe in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([5]) ('Comhaontú LEE'), faoi réir chreat institiúideach Chomhaontú LEE agus go bhfuil a reachtaíocht coigeartaithe ag an Iorua chun na forálacha sin a chomhlíonadh ar a laghad sna réimsí a chumhdaítear le raon feidhme leathan chomhaontú LEE,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais chun críocha an Chomhaontaithe,

([1]) IO AE L 195, 1.8.2018, lch. 3.
([2]) Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 904/2010 agus (AE) 2017/2454 a mhéid a bhaineann le bearta chun comhar riaracháin i réimse na cánach breisluacha a neartú (IO AE L 259/1, 16.10.2018, lch. 1)
([3]) Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO AE L 281, 23.11.1995, lch. 31).
([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).
([5]) Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO AE L 1, 3.1.1994. lch. 3).
([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO AE L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS A CHOMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, chomhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 5:

'ÓS EOL DÓIBH gur cheart do na stáit rialacha a chur i bhfeidhm maidir le rúndacht de bhun an dlí náisiúnta agus cosaint sonraí pearsanta de bhun phointe 5e d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE,';

(2) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Caithfear le haon fhaisnéis a fhaigheann stát faoin gComhaontú seo mar fhaisnéis rúnda agus cosnófar í ar an mbealach céanna le faisnéis a fhaightear faoina dhlí náisiúnta chun sonraí pearsanta a chosaint, i gcomhréir le pointe 5e d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE.

2. Féadfar faisnéis den sórt sin a nochtadh do dhaoine nó d'údaráis (lena n-áirítear cúirteanna agus comhlachtaí riaracháin nó maoirseachta) na stát a bhfuil baint acu le dlíthe CBL a chur i bhfeidhm agus chun críche measúnú ceart CBL nó bailiú nó rialú riaracháin cánach chun measúnú CBL a bhunú agus chun forfheidhmiú a chur i bhfeidhm lena n-áirítear bearta aisghabhála nó réamhchúraim maidir le héilimh CBL.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Maidir faisnéis a chuirfidh stát ar fáil dó stát eile, féadfaidh an stát a gheobhaidh an fhaisnéis sin í a tharchur chuig stát eile, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón údarás inniúil as ar tháinig an fhaisnéis. Féadfaidh an stát as ar tháinig an fhaisnéis cur i gcoinne roinnt na faisnéise sin laistigh de 10 lá oibre ón dáta a gheobhaidh sé an teachtaireacht ón stát ar mian leis an fhaisnéis a roinnt.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'6a. Tá gach stóráil, próiseáil nó malartú faisnéise dá dtagraítear sa Chomhaontú seo faoi réir na rialacha náisiúnta arna nglacadh de bhun phointe 5e d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE chomh maith leis na ceanglais shonracha maidir le próiseáil sonraí pearsanta a leagtar síos sa Chomhaontú seo. Mar sin féin, ar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart an Chomhaontaithe seo, féadfaidh stáit srian a chur ar raon feidhme na gceart agus na n-oibleagáidí dá bhforáiltear i bhforálacha Chomhaontú LEE atá coibhéiseach leis na cearta agus na hoibleagáidí atá in Airteagail 12 go 15, 17, 21 agus 22 de Rialachán (AE) 2016/679. Beidh srianta den sórt sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun na leasanna dá dtagraítear i bhforálacha Chomhaontú LEE atá coibhéiseach le hAirteagal 23(1)(e) de Rialachán (AE) 2016/679 a choimirciú, go háirithe:

(a) cur ar chumas údaráis inniúla na stát a gcúraimí a chomhlíonadh go cuí chun críocha an Chomhaontaithe seo;

(b) gan bac a chur ar fhiosrúcháin, anailísí, imscrúduithe nó nósanna imeachta oifigiúla nó dlíthiúla chun críocha an Chomhaontaithe seo agus a áirithiú nach gcuirfear cosc; nó

(c) gan imscrúdú agus brath ar an imghabháil cánach agus ar an gcalaois chánach a chur i mbaol.

Ní dhéanfar próiseáil agus stóráil na faisnéise dá dtagraítear sa Chomhaontú seo ach amháin chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chomhaontú seo agus ní dhéanfar an fhaisnéis a phróiseáil a thuilleadh ar bhealach nach luíonn leis na críocha sin.

Toirmiscfear próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn an Chomhaontaithe seo chun críoch eile ar bith, amhail chun críoch tráchtála.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Féadfaidh na stáit faisnéis a fhaightear i gcomhréir leis an gComhaontú seo a tharchur chuig tríú tíortha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) tá aistriú sonraí pearsanta faoi réir fhorálacha Chomhaontú LEE atá coibhéiseach leis na forálacha sin atá i Rialachán (AE) 2016/679;

(b) gur thoiligh an t-údarás inniúil as ar tháinig an fhaisnéis leis an gcumarsáid sin; agus

(c) ceadaítear an tarchur le socruithe cúnaimh atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá in-fhorfheidhmithe idir an stát atá ag tarchur na faisnéise agus an tríú tír áirithe sin.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Tabharfaidh gach stát fógra láithreach do na stáit eile lena mbaineann maidir le haon sárú rúndachta, aon sárú sonraí pearsanta nó maidir le haon bheart feabhais nó aon smachtbhanna a forchuireadh de thoradh an tsáraithe sin.’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Ní fhéadfaidh rochtain a bheith ag daoine atá creidiúnaithe faoi mar is iomchuí ag Údarás um Chreidiúnú Slándála an Choimisiúin Eorpaigh ar an bhfaisnéis sin ach amháin sa mhéid agus go bhfuil sé riachtanach maidir le cúram, cothabháil agus forbairt na gcóras leictreonach a óstálann an Coimisiún agus a úsáideann na stáit chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme. Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 a chaithfear le haon rochtain ar shonraí pearsanta.’;

(3) leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Trí chomhaontú idir an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha, agus i gcomhréir leis na socruithe arna leagan síos ag an údarás iarrtha, féadfaidh oifigigh arna n-údarú ag an údarás iarrthach, d’fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a) a mhalartú, a bheith i láthair in oifigí údarás riaracháin an stáit iarrtha, nó in aon áit eile ina bhfeidhmíonn na húdaráis sin a gcuid dualgas. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis a iarrtar i ndoiciméadacht a bhfuil rochtain ag oifigigh an údaráis iarrtha uirthi, tabharfar cóipeanna di d’oifigigh an údaráis iarrthaigh.

2. Trí chomhaontú idir an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha, agus i gcomhréir leis na socruithe arna leagan síos ag an údarás iarrtha, féadfaidh oifigigh arna n-údarú ag an údarás iarrthach, d’fhonn faisnéis a mhalartú dá dtagraítear in Airteagal 2(1)a, a bheith i láthair le linn na bhfiosrúchán riaracháin a dhéantar i gcríoch an stáit iarrtha. Is iad oifigigh an údaráis iarrtha amháin a dhéanfaidh na fiosrúcháin riaracháin sin. Ní fheidhmeoidh oifigigh an údaráis iarrthaigh na cumhachtaí cigireachta arna dtabhairt d’oifigigh an údaráis iarrtha. Féadfaidh siad, áfach, rochtain a bheith acu ar na háitribh agus ar na cáipéisí céanna a bhfuil rochtain ag an údarás iarrtha orthu, trí idirghabháil oifigigh an údaráis iarrtha chun fiosrúchán riaracháin a dhéanamh, agus chun na críche sin amháin.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘2a. Trí chomhaontú idir na húdaráis iarrthacha agus an t-údarás iarrtha, agus i gcomhréir leis na socruithe arna leagan síos ag an údarás iarrtha, féadfaidh oifigigh arna n-údarú ag na húdaráis iarrthacha, d’fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a) a mhalartú agus a bhailiú, páirt a ghlacadh sna fiosrúcháin riaracháin a dhéantar i gcríoch an stáit iarrtha. Déanfaidh oifigigh na n-údarás iarrthach agus oifigigh na n-údarás iarrtha na fiosrúcháin riaracháin sin i gcomhpháirtíocht le chéile agus déanfar iad faoi threoir agus de réir reachtaíocht an stáit iarrtha.

Beidh rochtain ag oifigigh na n-údarás iarrthacha ar na háitribh chéanna agus ar na doiciméid chéanna a bheidh ag oifigigh an údaráis iarrtha agus, a mhéid agus a cheadaítear é faoi reachtaíocht an stáit iarrtha dá chuid oifigeach, beidh siad ábalta daoine inchánach a chur faoi agallamh.

I gcás ina gceadaítear é faoi reachtaíocht an stáit iarrtha, feidhmeoidh oifigigh na stát iarrthach na cumhachtaí cigireachta céanna leis na cumhachtaí a thugtar d’oifigigh an stáit iarrtha. Déanfar cumhachtaí cigireachta oifigigh na n-údarás iarrthach a fheidhmiú chun dul i mbun fiosrúchán riaracháin, agus chun na críche sin amháin.

Trí chomhaontú idir na húdaráis iarrthacha agus an t-údarás iarrtha, agus i gcomhréir leis na socruithe arna leagan síos ag an údarás iarrtha, féadfaidh na húdaráis rannpháirteacha tuarascáil fiosrúcháin choiteann a dhréachtú.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní mór d’oifigigh an údaráis iarrthaigh atá i láthair i Stát eile i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 2a a bheith ábalta údarás i scríbhinn a sholáthar i gcónaí ina sonraítear a gcéannacht agus a gcumais oifigiúil.’;

(4) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun comhar iltaobhach a chur chun cinn agus a éascú sa chomhrac in aghaidh calaois CBL agus chun aon ghníomhaíocht leantach a chomhordú, iarrfar ar an Iorua a bheith rannpháirteach sa líonra ar a dtugtar Eurofisc, dá bhforáiltear i gCaibidil X de Rialachán (AE) 904/2010 ([1]), faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo.’;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha (IO AE L 268, 12.10.2010, lch. 1).

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘1a. Laistigh de chreat Eurofisc, déanfaidh na stáit fiosrúcháin riaracháin na stát rannpháirteach a chomhordú maidir le calaois arna sainaithin oifigigh idirchaidrimh Eurofisc dá dtagraítear in Airteagal 16(1) gan an chumhacht a chur de cheangal ar Bhallstáit fiosrúcháin riaracháin a dhéanamh.’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42:

‘Díospóidí a réiteach

Aon díospóid idir na Páirtithe a bhaineann le léirmhíniú nó le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cé is moite de dhíospóidí a bhaineann le cur i bhfeidhm phointe 5e d’Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE, réiteofar í trí chomhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste. Cuirfidh na Páirtithe an fhaisnéis ábhartha is gá faoi bhráid an Chomhchoiste chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an ábhar, d’fhonn an díospóid a réiteach.’.

AIRTEAGAL 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta ar a dtabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile gur chuir siad i gcrích na nósanna imeachta dlíthiúla inmheánacha is gá chun na críche sin. I gcás an Aontais, cuirfear an fógra i scríbhinn chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus i gcás na hIorua, chuig an Aireacht Gnóthaí Eachtracha.

AIRTEAGAL 3

Téacsanna barántúla

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

Съставено в Брюксел на втори октомври две хиляди двадесет и четвърта година.

Hecho en Bruselas, el dos de octubre de dos mil veinticuatro.

V Bruselu dne druhého října dva tisíce dvacet čtyři.

Udfærdiget i Bruxelles den anden oktober to tusind og fireogtyve.

Geschehen zu Brüssel am zweiten Oktober zweitausendvierundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne neljanda aasta oktoobrikuu teisel päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δύο Οκτωβρίου δύο χιλιάδες είκοσι τέσσερα.

Done at Brussels on the second day of October in the year two thousand and twenty four.

Fait à Bruxelles, le deux octobre deux mille vingt-quatre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an dara lá de Dheireadh Fómhair sa bhliain dhá mhíle fiche a ceathair.

Sastavljeno u Bruxellesu drugog listopada godine dvije tisuće dvadeset četvrte.

Fatto a Bruxelles, addì due ottobre duemilaventiquattro.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit ceturtā gada otrajā oktobrī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt ketvirtų metų spalio antrą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszonnegyedik év október havának második napján.

Magħmul fi Brussell, fit-tieni jum ta' Ottubru fis-sena elfejn u erbgħa u għoxrin.

Gedaan te Brussel, twee oktober tweeduizend vierentwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia drugiego października roku dwa tysiące dwudziestego czwartego.

Feito em Bruxelas, em dois de outubro de dois mil e vinte e quatro.

Întocmit la Bruxelles la doi octombrie două mii douăzeci şi patru.

V Bruseli druhého októbra dvetisícdvadsaťštyri.


V Bruslju, drugega oktobra dva tisoč štiriindvajset.

Tehty Brysselissä toisena päivänä lokakuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäneljä.

Som skedde i Bryssel den andra oktober år tjugohundratjugofyra.

Utferdiget i Brussel, den andre oktober totusenogtjuefire.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen
For Den europeiske union



За Кралство Норвегия
Por el Reino de Noruega
Za Norské království
For Kongeriget Norge
Für das Königreich Norwegen
Norra Kuningriigi nimel
Για το Βασίλειο της Νορβηγίας
For the Kingdom of Norway
Pour le Royaume de Norvège
Thar ceann Ríocht na hIorua
Za Kraljevinu Norvešku
Per il Regno di Norvegia
Norvēģijas Karalistes vārdā –
Norvegijos Karalystės vardu
A Norvég Királyság részéről
Għar-Renju tan-Norveġja
Voor het Koninkrijk Noorwegen
W imieniu Królestwa Norwegii
Pelo Reino da Noruega
Pentru Regatul Norvegiei
Za Nórske kráľovstvo
Za Kraljevino Norveško
Norjan kuningaskunnan puolesta
För Konungariket Norge
For Kongeriket Norge

